

An Ghaeilge mar mhionteanga iarchoilíneach i gcomhthéacs an aistriúcháin

JAMIE MURPHY¹

Eascraíonn an taighde seo as tráchtas dochtúireachta a gclúdaítear ann plé ar aistriúchán i réimse na drámaíochta Gaeilge i gcomhthéacs teoiriciúil i staidéar an aistriúcháin. Ar mhaithe le comhthéacsú a sholáthar i gcás aistriúchán drámaíochta na Gaeilge, go háirithe ag tús an 20ú haois, níor mhór súil a chaitheamh ar phlé ghné an iarchoilíneachais i gcás mionteangacha chun tuiscint níos leithne a fháil ar ról an aistriúcháin i gcás na teanga féin. Tá sé mar aidhm san alt gearr seo forléargas ginearálta a thabhairt ar chás mionteanga iarchoilíní; go háirithe, plé ar bhrí an téarma ‘mionteanga’, comhthéacs an iarchoilíneachais i gcás na Gaeilge mar mhionteanga, úsáid mionteanga mar bhealach chun smaointeoireacht ar leith a chur chun cinn, ról ginearálaithe an aistriúcháin i gcás na Gaeilge mar aon le roinnt focheisteanna eile amhail ról an aistriúcháin sa litríocht agus ceist úsáid na máthairtheanga nó theanga na gcoilínithe.

Tionchair sheachtracha éagsúla a mhúnlaigh Éire thar tuairim is 1,200 bliain, go háirithe tionchar na Sasanach. Thug náisiúin éagsúla teangacha difriúla leo go hÉirinn (e.g. na manaigh i ré na Luath-Chríostaíochta, na Lochlannaigh agus na Normannaigh), rud a chuir le saibhreas agus le stór focal na teanga ach, i gcás na Sasanach, a chuir le meath na teanga féin chomh maith. Luann Maria Tymoczko an tionchar ollmhór a bhí ag na Sasanaigh ar mheath na Gaeilge agus an chaoi ar cumadh leaganacha saorga Béarla de logainmneacha na hÉireann chun tionchar an Bhéarla a fhí isteach i gcultúr na hÉireann mar uirlis choilíneachais. Anuas air sin, cuireann sí in iúl go bhfeictear noirm, luachanna agus ealaín fhilíocht Shasana i litríocht na Gaeilge mar theanga choilíneach in ainneoin iarrachtaí frithbheartaíochta chun dioscúrsa na Gaeilge agus na hÉireann a thabhairt chun solais, rud a léiríonn cé chomh láidir agus is féidir tionchar an choilíní a bheith ar chultúr coilíneach (Tymoczko 1999: 27). Lean na hÉireannaigh orthu, ámh, agus d’éirigh leo an teanga agus an cultúr a bhain léi a thabhairt slán cé nach raibh fágtha inti ach iarsmaí bhunchlocha an chultúir féin. Sular féidir trácht ar chúrsaí cultúrtha i gcomhthéacs an aistriúcháin, áfach, ní mór

¹ Tá Jamie Murphy ag obair mar an eagarthóir taighde ar Tearma.ie le cúig bliana anuas agus tá PhD idir lámha aige go páirtaimseartha le trí bliana anuas. Tá a thráchtas bunaithe ar dhrámaíocht aistrithe na Gaeilge agus é ag obair faoi stiúir an Ollaimh Ciarán Mac Murchaidh in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

céim siar a ghlacadh ar dtús agus brí choincheap na mionteanga féin a iniúchadh.

Cheapfaí gurbh fhusa an rud é coincheap na mionteanga a mhíniú ach is féidir bríonna éagsúla a bhaint as an téarma seo chomh maith. Dar le Cronin (1995: 86), b'fhéidir breathnú ar an mBéarla fadó in Éirinn mar mhionteanga sa mhéid nach raibh an lámh in uachtar ag an mBéarla in Éirinn go dtí an leathadh Cromalach agus an leathadh Túdarach agus, ar ndóigh i ndiaidh an Drochshaoil, ré inar cailleadh tuairim is 2 mhilliún duine de bharr na himirce agus an ghorta. As sin i leith, chonacthas athrú ar stádas an dá theanga agus meath seasta na Gaeilge go dtí gur breathnaíodh uirthi mar mhionteanga ina tír dhúchais féin. Is féidir go leor cásanna eile a lua chomh maith. Thar na blianta sa tSlóivéin, chonacthas laghdú na dteorainneacha teangeolaíochta de bharr brú ó choilínithe na hOstaire agus ansin ó bhrú na Tuirce sa 7ú agus 8ú haois. Le méadú agus laghdú ar na teorainneacha teangeolaíochta seo, chonacthas stádas na Slóivéinise á athrú ó mhórtheanga go mionteanga i scéal timthriallach stair na Slóivéine (Lavrin 1955: 304). Cás eile is féidir a thógáil mar shampla is ea *Québécois* i gCeanada. Sa chás áirithe seo, feictear canúint de chuid na Fraincise (*Québécois*) ag feidhmiú mar mhionteanga i dtír ina labhraíonn formhór na ndaoine an Béarla, agus na tréanarrachtaí atá ar bun acu chun an bealach a réiteach don teanga seo agus chun an t-aitheantas atá ag dul di a thabhairt di. 'Québécois social discourse expresses the fear that Québec is a society in danger of losing its voice forever. In the name of 'difference' this discourse also rejects French, classifying it as a foreign tongue so as to facilitate the emergence of the "*Québécois* language"' (Brisset 1996: 198). Anuas ar na samplaí seo, d'fhéadfaí cásanna eile de mhionteangacha a lua i scéal an aistriúcháin agus na cúiseanna a roghnaítear téacsanna ó mhionteanga lena n-aistriú go mórtheanga nó a mhalairt go cruinn. Má thógaimid cás na hEabhraise, mar shampla, aistríodh téacsanna Gearmáinise go dtí an Eabhrais mar ba í príomhchúis na n-aistriúcháin (sampla de théacs ó mhórtheanga a aistriú go dtí mionteanga) ná cabhrú leis an aos óg feabhas a chur ar a gcumas léitheoireachta agus stór focal daoine óga a mhéadú (Puurtinen 1995: 23). I gcásanna eile, ina mbíonn an mhionteanga ag dul in éag, amhail an Laidin sa 20ú haois, nuair a tháinig laghdú, de réir a chéile, ar an méid aistriúcháin a bhíodh á dhéanamh ón Laidin, ba é an toradh a bhí air sin ná nach raibh daoine in ann tairbhe a bhaint as seanlitríocht na Laidine ina dteanga dhúchais féin a thuilleadh de bhrí nach raibh aistriúcháin á ndéanamh ar théacsanna Laidine go teangacha eile (Littau & Kuhlczak 2007: 19), rud a d'fhéadfaí a chur i gcomparáid le seanlitríocht na Gaeilge, b'fhéidir. Is léir go bhfuil dlúth-thábhacht ag baint le mionteangacha i stair an aistriúcháin

ach, in ainneoin na samplaí seo, maíonn Cronin nach bhfuil an tábhacht atá ag dul do mhionteangacha, bainte amach go hiomlán acu i ndioscúrsa theoiric an aistriúcháin go fóill (1998: 161). Ní féidir an tábhacht atá ag an aistriúchán chun mionteanga a thabhairt slán a shéanadh, áfach. Luann Titley (2005: 312) gurb ionann an t-aistriúchán agus léiriú ar an gcoimhlínt cumhachtaí idir teangacha agus daoine, agus tá an choimhlínt sin fós le feiceáil i dtaobh na Gaeilge agus an Bhéarla. Dá bharr sin, ní mór don Ghaeilge brath ar an aistriúchán mar eangach shábhála, ar shlí, chun a croí a choinneáil ag preabadh agus tionchar na teanga seo ar an domhan agus ar na daoine a labhraíonn í a thabhairt slán. Is ar an bpointe sin—coimhlínt cumhachtaí—a luíonn an deacracht nó is gá a choinneáil ar intinn gur eascair an Ghaeilge, nó b'fhéidir níos mó ná sin, gur tháinig an Ghaeilge slán as lámha an iarchoilíneachais.

Agus é ag tógáil ar an méid sin, maíonn Douglas Robinson (1997: 78), go bhfuil próiseas an aistriúcháin chomh fairsing, chomh casta agus chomh sáinnithe sa chultúr agus sa stair pholaitiúil a chlúdaíonn tréimhsí chomh leathan sin, nach féidir le haon duine mórán a rá faoi cheird an aistriúcháin nach ginearálú iomlán é. Creideann sé nach gcuimsítear i dteoiricí éagsúla an aistriúcháin ceist an iarchoilíneachais mar ghné lárnach i gcomhthéacs aistriúcháin teangacha ar leith (ar nós na Gaeilge) ar a raibh tionchar seachtrach ar feadh na mblianta. In aon phlé ar staidéar an aistriúcháin, is ag caint faoi theangacha ar comhstádas den chuid is mó a bhítear rud nach gclúdaíonn an choimhlínt cumhachtaí idir mionteangacha agus mórtheangacha. Is fíor é sin i gcás na hÉireann chomh maith nó is léir nach ndearnadh an-chuid plé ar an nGaeilge mar theanga iarchoilíneach go dtí seo. I gcás na hÉireann, is féidir stádas iarchoilíneach a bhronnadh ar an nGaeilge agus ar Bhéarla na hÉireann chomh maith. Anuas air sin, is féidir stádas ar leith a thabhairt do Bhéarla na hÉireann mar theanga hibridithe a bhfuil tionchar na Gaeilge le brath uirthi, ach i litríocht iarchoilíneachais, is beag stádas a thugtar dó ar an iomlán. Deir Nic Eoin nach luaitear Béarla na hÉireann beag ná mór agus plé á dhéanamh ag criticeoirí an iarchoilíneachais. Baineann an easpa plé sin le ceist stádas an iarchoilíneachais féin in Éirinn i gcomparáid le litríocht Bhéarla na hAstráile nó Stáit Aontaithe Mheiriceá de bhrí go meastar go bhfuil Éire ‘fós saite sa tionscnamh impiriúil,’ rud a chuireann le dearcadh na náisiún seachtrach seo nach litríocht iarchoilínithe atá i litríocht Bhéarla na hÉireann nó fiú litríocht Bhéarla na hAlban agus na Breataine Bige. Deir Anne McClintock, ‘for the inhabitants of British-occupied Northern Ireland [...] there may be nothing “post” about colonialism at all’ (Nic Eoin 2005: 43). Ceaptar amhlaidh de bhrí go bhfuil lámh an choilíní fós i bhfeidhm i dTuaisceart Éireann. Le béim

bhreise a leagan ar an ráiteas sin, deir Pelletier—agus í ag tagairt don scoláire, Luke Gibbons—‘colonial or post-colonial status may be in the eye of the beholder’ (luaitear in Pelletier 1999: 332). Ach deir Pelletier roimhe sin go bhfuil dlúthbhaint ag cúrsaí náisiúnachais le coincheap an iarchoilíneachais (Pelletier 1999: 330). Cé go bhfuil Pelletier ag tagairt do litríocht an Bhéarla in Éirinn sa chás sin, bhain ceist na Gaeilge go dlúth le cúrsaí náisiúnachais le linn na hathbheochana in Éirinn chomh maith.

I ndiaidh thréimhse an choilíneachais, tar éis bhunú Phoblacht na hÉireann, go háirithe, úsáideadh an Ghaeilge mar uirlis chun litríocht na hÉireann a chothú agus a fhorbairt agus chun iarracht a dhéanamh í a chur ar comhstádas le teanga na n-iarchoilínithe. Feictear i measc mionteangacha san iomlán, áfach, go mbíonn drogall ann i gcoitinne labhairt amach ar cheann de na deacrachtaí is mó a bhíonn i gceist sa tréimhse a leanann an coilíneachas. Áitítear gur féidir breathnú ar aistriúchán chuig mionteanga amhail is gur seobhaineachas eitnealárnach é (Cronin 1995: 91). In ainneoin an drogaill seo, cuireann Cronin in iúl: ‘... go bhfuil dúshlán na teanga scríofa ar cheann de na dúshláin is tábhachtaí do lucht an aistriúcháin sa Ghaeilge agus iad ag iarraidh an teanga a shaoradh ó staid dhíorthach na héagothromaíochta cumhachta in Éirinn’ (2008: xi). Deir Robinson linn, cé gur bhain ceist an choilíneachais le gnéithe an bhun-náisiúin (Sasana) a chur chun cinn, .i. oideachas a sholáthar don náisiún a bhí faoi chois (ar son na bolscaireachta ar ndóigh), bíonn ceisteanna iarchoilíneachais fós sáinnithe i gcastachtaí polaitiúla agus cultúrtha i litríocht na mblianta a leanann tréimhse an choilíneachais (Robinson 1997: 6). Baineann sé seo le haistriúchán ó mhórtheanga go mionteanga ach is féidir le lucht na mionteanga úsáid a bhaint as mórtheangacha nó teanga an choilíneachais chun bearnaí i litríocht na mionteanga a líonadh chun smaointe, noirm nó idéil a ghlacadh chuici féin agus litríocht na teanga a mhúnlú bunaithe ar aistriúchán a chuirfidh le beatha agus cothú na mionteanga. Feictear, dá bhrí sin, go bhfuil tábhacht ag baint le haistriúchán a úsáid agus gur féidir breathnú air mar uirlis chun an teanga a chaomhnú.

Mar aon leis an aidhm sin, is féidir breathnú ar an aistriúchán mar bhealach chun smaointeoireacht ar leith a chur chun cinn agus saothair iasachta ar leith a roghnú lena n-aistriú chun an smaointeoireacht sin a láidir. Is féidir neart samplaí i litríocht na Gaeilge a chur in iúl ach ó thaobh na bolscaireachta de, ceann de na hinstitiúidí is mó a bhí ar a shon ba ea Conradh na Gaeilge le linn Athbheochan na Gaeilge. Bhí Conradh na Gaeilge ar an eolas roimh theacht an raidió gurbh é an stáitse an meán ba mhó a bhí ina armlann chun bolscaireacht ar son na Gaeilge a chur chun cinn in Éirinn. Bhain na híomhánna sin le cúrsaí imirce, cothú na teanga agus na

Gaeil idéalacha mar fhreagra ar an *Stage Irishman* a bhí le feiceáil go forleathan i ndrámaí an Bhéarla (Ó Siadhail 1993: 34). Má thógaimid an t-oireachtas a reáchtáil Conradh na Gaeilge thar an 20ú haois, is féidir linn tábhacht an aistriúcháin, go háirithe ó thaobh na drámaíochta de, a fheiceáil sna comórtais litríochta. Ba mhór an chabhair iad na comórtais drámaíochta mar chuid d'imeachtaí an Oireachtais toisc gur chabhraigh siad le ceird na drámaíochta a bhláthú in Éirinn. Is beag tacaíocht a fuarthas ó Amharclann na Mainistreach ó thaobh athbheochan na teanga de ach thug comórtais Oireachtas na Gaeilge instealladh breise beochta do dhrámaíocht na Gaeilge (Ó Súilleabháin 1984: 75). Cuireadh béim ar leith ar an drámaíocht nuachumtha ach in 1916, dúradh ar chlár na féile go nglacfaí le drámaí iasachta a aistríodh go Gaeilge. As sin amach, go dtí gur cuireadh deireadh leis an Oireachtas ar feadh tamaill sna 1920idí, bhí ról lárnach ag na haistriúcháin sna féilte sin agus úsáideadh na comórtais mar sholáthar drámaí do chompántais timpeall na hÉireann, amhail an Comhar Drámaíochta (Ó Súilleabháin 1984: 83). Bunaithe ar an bhfianaise sin, léiríonn Tymoczko an pointe lárnach go n-iompraíonn gníomh an aistrithe níos mó ná téacs a roghnú agus a aistriú agus go mbíonn ceisteanna lárnacha polaitíochta agus cultúrtha faoi chaibidil go háirithe i náisiún atá ar tí eascairt as lámha an choilíní. Maíonn sí gurb ionann aistriúchán agus gníomh poiblí (*public action*) sa chás áirithe seo agus go bhfuil stádas ar leith ag an aistritheoir chun litríocht náisiúin a mhúnlú:

The text itself becomes a performance. In a charged multilingual political context, translation is in fact a public action. In Ireland during the period 1890–1916 to translate the early Irish heroic tales was of a piece with laying the foundation of the memorial to Wolfe Tone in 1898, the annual demonstrations during Irish language week, or the production of patriotic *tableaux vivants* sponsored by Irish nationalist groups such as the Inghinidhe na hÉireann. (Tymoczko 1999: 296/7)

Mar aon leis na saothair chlasaiceacha a aistriú mar ghníomh poiblí, b'éigean don Ghaeilge an fód a sheasamh le téacsanna eolaíochta agus téacsanna ina raibh an t-ábhar féin dlúth agus casta. Luann Cronin (1998: 149) cás amháin sa bhliain 1896 i mBaile Átha Cliath inar áitigh W.J. Rolleston nach raibh an Ghaeilge sásúil mar theanga smaointeachais ag daoine cultúrtha. Thug sé dúshlán daoine sliocht próis eolaíochta a thóg sé as iris a aistriú go Gaeilge. Rinne Douglas Hyde an téacs a aistriú go Gaeilge agus rinne Eoin Mac Néill an téacs a aistriú ar ais go Béarla. Tar éis do Rolleston an buntéacs a chur i gcomparáid leis an téacs athaistrithe, bhí sé sásta gurbh fhéidir an Ghaeilge a úsáid mar theanga inaistrithe. Níl anseo

ach sampla fánach chun an smaointeoireacht ó thaobh na Gaeilge de a chur in iúl ach ar an taobh eile den scéal, chun a chur in iúl gur éirigh leis an nGaeilge teacht slán as an dúshlán sin mar theanga a d'fhéadfaí a úsáid ar an stáitse domhanda go háirithe i réimse atá chomh teicniúil leis an eolaíocht, fiú ag an tráth sin. Threisigh sé sin pointe an ghnímh phoiblí nó gur léirigh sé go raibh teanga a bhí faoi chois ar feadh na mblianta in ann déileáil lena leithéid d'ábhar comhaimseartha i gcomhthéacs an aistriúcháin.

Is féidir coincheap an ghnímh phoiblí a cheistiú chomh maith i gcás mionteanga nó cé go bhfuil gníomh poiblí ag baint le rud éigin a aistriú go mionteanga chun borradh a chur faoin litríocht sa teanga sin nó chun a chur in iúl go bhfuil an mhionteanga in ann déileáil le hábhar achrannach, an fiú scríobh sa bhunteanga ar an gcéad dul síos? Má úsáidtear teanga na cumhachta, is mó seans go mbeidh tionchar ag an scríbhneoireacht ar phobal níos leithne. Ar an taobh eile den scéal, áfach, arbh fhearr cloí leis an mionteanga a bhfuil an baol cinnte ann nach mbeidh an lucht léitheoireachta céanna ar fáil ach a chuirfidh le dul chun cinn agus stádas na teanga ar an iomlán mar ghníomh poiblí? Tá an file, Biddy Jenkinson, le háireamh sa chatagóir seo toisc gur dhiúltaigh sise glan go n-aistreofaí a cuid filíochta go Béarla toisc, dar léi, nach féidir le teanga an choilíneachais gach aon ní a chur in iúl mar a dhéanfaí sa mhionteanga—an Ghaeilge sa chás seo (Williams 2013: 59). D'fhéadfaí an scríbhneoir acadúil, James Ngugi, a áireamh anseo chomh maith nó chinn sé casadh ar a theanga dhúchais, 'Gikuyu'—teanga de chuid na Céinia—in ionad an Bhéarla. Lig sé sin dó labhairt lena phobal i dteanga a thuigfidís ach a léirigh gur aithin sé féin tábhacht an aistriúcháin mar mheán cumarsáide a ligfeadh dó labhairt le gach duine (Nic Eoin 2005: 24). I gcás Bhéarla na hÉireann, má thógtar James Joyce mar shampla, cé gur scríobh sé *Ulysses* i mBéarla, tá plota an leabhair suite i dtírdhreach Bhaile Átha Cliath agus baintear úsáid as mórán meatonaim, rud a fhágann go mbeadh sé dúshlánach don té nach mbeadh cur amach aige ar mhionghnéithe chultúr na hÉireann na nithe sin a thuiscint go hiomlán. Dá bharr sin, cé gur baineadh úsáid as teanga na n-iarchoilínithe sa saothar áirithe sin, choinnigh an t-údar an scríbhneoireacht dílis do chultúr na hÉireann trí Bhéarla na hÉireann a úsáid (Tymoczko 1999: 42).

I gcás na Gaeilge, áfach, ba léir thar an 20ú haois go raibh géarghá le haistriúcháin a úsáid chun bearnaí sa litríocht a líonadh, chun smaointeoireacht fheiliúnach ó théacsanna iasachta a thabhairt isteach sa teanga agus chun iarracht a dhéanamh úsáid a bhaint as an aistriúchán mar eangach shábhála do chothú na teanga. Mar threisiú air sin, áitíonn Tymoczko (1999: 30) go gcaomhnaíonn téacsanna liteartha luachanna mar aon le patrúin agus struchtúir chultúrtha ina n-áirítear íomhá chultúir, taifead

teannais agus difríochtaí cultúrtha. Ag eascairt as an bpointe seo, d'fhéadfaí a argóint gur úsáideadh an t-aistriúchán mar uirlis chaomhnaithe na teanga chun litríocht na Gaeilge a bheathú arís eile agus chun oidhreacht na teanga agus na luachanna a bhain léi a chothú. Bhí daoine ar dhá thaobh an chur chuige seo ar ndóigh. Dúirt daoine amhail Seosamh Mac Grianna nach raibh in aistriúcháin ach masla do mhuintir na Gaeltachta nárbh fhéidir a litríocht féin a chumadh as an nua (Cronin 1996: 157). Ar an taobh eile den scéal, mhol Alan Titley na blianta ina dhiaidh sin an chaoi ar baineadh úsáid as aistriúcháin (Cronin 1996: 158):

... it provided for both the translator and reader alike some sort of models and an appreciation of the disciplines and literary conventions which certain genres entailed, things which were helpful to them in their original writing and their appreciation of literature.

I ndiaidh don saol mór a aithint go drogallach nó go fonnmhar an tábhacht a bhain leis an aistriúchán i gcás na Gaeilge, cuireadh tús leis an scéim aistriúcháin in An Gúm sna 1930idí.² Ba é ceann de phríomhaidhmeanna an Ghúim litríocht na Gaeilge a chur ar fáil don phobal (Uí Laighléis 2017: 6). I gcás an Ghúim, dá bhrí sin, d'fhéadfaí féachaint ar cheird an aistriúcháin mar chatalaíoch chun beocht a chur i litríocht na teanga—‘For such revivalists, the real importance of translation was as a catalyst to the shaping of Irish as a twentieth century literary language’ (Uí Laighléis 2017: 42). Réitigh scríbhneoirí cosúil le Séamus Ó Grianna agus Máirtín Ó Cadhain an bealach do náisiún nua na hÉireann ina raibh an pobal toilteanach an Ghaeilge a thabhairt slán agus í a choimeád beo (Titley 2005: 313). Faoi mar a rinneadh tagairt dó níos luaithe san alt seo, tá ualach sa bhreis le hiompar ag an aistriúchán. Tá i bhfad níos mó i gceist le haistriúchán agus le litríocht go ginearálta i mionteanga agus chuir Titley an pointe sin in iúl go héifeachtach nuair a dúirt sé: ‘Books in Irish have to encompass all genres, all categories, all types, so that each individual book in Irish carries a greater burden, a greater responsibility than its corresponding book in English’ (Titley 2000: 103). Anuas ar an mbrú sin, tá luas ó thaobh aistriúcháin a sholáthar de i gceist chomh maith toisc gur gá do mhionteangacha coinneáil suas le líon na saothar tráthúil a scríobhtar i mórtheanga ar nós an Bhéarla chun a hábharthacht agus a beocht a choimeád mar theanga bheo (Cronin 1995: 89). Éacht amháin a rinneadh i scéim An Ghúim agus a chuir borradh faoi litríocht na Gaeilge, ámh, ba ea an éagsúlacht chanúnachais a

² Chuir An Gúm deireadh leis an scéim seo de réir a chéile agus dhírigh siad ar théacsanna oideachais den chuid is mó faoi dheireadh na scéime (Cronin 1996: 158).

caomhnaíodh (Cronin 1996: 160). Maíonn Tymoczko (1999: 30) go gcaomhnaítear luachanna mar aon le patrúin agus struchtúir chultúrtha i dtéacsanna liteartha. Anuas ar na luachanna seo agus fiú, in ainneoin criticí áirithe faoin scéim, d'fhéadfaí a argóint gur caomhnaíodh éagsúlacht na Gaeilge féin mar theanga a bhí beo agus a bhí á labhairt i nGaeltachtaí timpeall na hÉireann, rud a thug beocht do theanga a bhí faoi bhrú ar raon leathan cúiseanna.

Cé go raibh na hiarrachtaí sin ar bun chun an teanga a thabhairt slán trí uirlis an aistriúcháin, oibríonn an t-aistriúchán sa dá threo .i. Gaeilge go Béarla agus Béarla go Gaeilge.³ Chonacthas faoi scéim An Ghúim, líon mór téacsanna á n-aistriú go Gaeilge ach, in Éirinn trí chéile, ní dheanadh mórán aistriúcháin sa treo eile .i. chuig an mBéarla, sa mhéid gur breathnaíodh air sin mar iarracht chun saolré na Gaeilge a laghdú. Bhíothas den tuairim nár ghá seo a dhéanamh de bharr gur cheart an teanga a bheith ar eolas ag an té a léifeadh téacs Gaeilge seachas an téacs sin a aistriú chuig an mBéarla lena léamh (Cronin 1996: 34). D'fhéadfaí Nuala Ní Dhomhnaill agus Biddy Jenkinson a lua arís anseo. Ní dhéanann Ní Dhomhnaill féin a saothar a aistriú go Gaeilge ach ní miste léi má dhéanann daoine eile é sin. Os a choinne sin, ní ligeann Jenkinson d'éinne a saothar a aistriú ar dhóigh ar bith. D'fhéadfaí fimíneacht a bhaisteadh air sin, ar ndóigh, mar úsáideadh an t-aistriúchán mar uirlis chun litríocht na Gaeilge mar mhionteanga a fhairsingiú ach ag ar lámh eile, bhí leisce ar mhuintir na Gaeilge an teanga a ghéilleadh mura mbeadh an teanga ag an duine a raibh fonn air an téacs Gaeilge a léamh ar an gcéad dul síos.

D'ainneoin na leisce seo, áfach, ní féidir a chur as an áireamh an tábhacht a bhain leis an aistriúchán tríd is tríd agus deir Cronin go 'séideann gaoth an fhocail ón tír isteach' agus go bhfuil an t-aistriúchán ríthábhachtach chun smaointe úra, friotal nua agus blaiseadh cultúr éagsúil a fháil i ngach teanga, go háirithe i gcás mionteanga ar nós na Gaeilge. Is é a thuairimse, mar sin de, nach 'féidir todhchaí na teanga a shamhlú lasmuigh de chomhthéacs an aistriúcháin agus [go bhfuil] léirthuiscint ar fheidhmiú an aistriúcháin riachtanach d'fhorbairt agus do dhul chun cinn na teanga' (Cronin 2008: ix). Feictear fírinne an ráitis úd le tamall de bhlianta anuas mar is léir go bhfuil riachtanas an aistriúcháin fós beo ó thaobh na Gaeilge de le teidil mhóra ar nós *Cluiche na gCorónach*, *Harry Potter agus an Órchloch*, *Artemis Fowl*, *An Hobaid*, *An Leon*, *an Bandraoi agus an Prios Éadaigh* agus *Dialann Dúradáin* i measc go leor leor eile—ar nós shaothar Roald Dahl agus Enid Blyton—a aistríodh le deireanas chomh maith. Cé go

³ Gaeilge go teangacha eile nó a mhalairt, chomh maith.

bhfuil bunlitríocht ríthábhachtach i gcomhair beatha agus cothú mionteanga, ní leor sin chun linn na litríochta a líonadh. Mar mhionteanga iarchoilíneach atá fós ag treabhadh léi os cionn 100 bliain tar éis ré an choilíní, is gá dúinn a bheith airdeallach ar chumhacht agus tábhacht an aistriúcháin nó cé go bhfuil mórtheangacha an domhain ag éirí níos mó, ní mór do lucht na Gaeilge tairbhe a bhaint as sin agus a bhfuil de dhíth ó shaothair na mórtheangacha a ghlacadh chucu féin chun cabhrú le gluaiseacht na litríochta agus na teanga araon. Is féidir le litríocht aistrithe agus an bhunlitríocht comhoibriú lena chéile chun todhchaí litríocht na Gaeilge a fhíorú, a bheathú agus a shlánú go héifeachtach.

SAOTHAIR A CEADAÍODH

- Brisset, A. (1996) *A sociocritique of translation: theatre and alterity in Québec. 1968–1988*, Toronto: University of Toronto Press.
- Cronin, M. (1995) ‘Altered States: Translation and Minority Languages’. In: *TTR :Traduction, Terminologie, Rédaction*, 8(1): 85–103.
- (1996) *Translating Ireland: translation, languages, cultures*. Cork: Cork University Press.
- (1998) ‘The Cracked Looking Glass of Servants’. In: *The Translator*, 4: 145–162.
- Lavrin, J. (1955) ‘France Prešeren, 1800–1849’. In: *Slavonic & East European Review*. 33(81): 304–326.
- Littau, K. and Kuhlwezak, P. (2007) *A companion to translation studies*. Clevedon, Buffalo: Multilingual Matters Ltd.
- Nic Eoin, M. (2005) *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúir agus Nualitríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life.
- Ó Siadhail, P. (1993) *Stair Dhrámaíocht na Gaeilge: 1900–1970*. Conamara: Cló Iar-Chonnachta.
- Ó Súilleabháin, D. (1984) *Scéal an Oireachtais 1897–1924*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.
- Pelletier, M. (1999) ‘Field Day and the Irish-English Collision’. In: *European Journal of English Studies*, 3(3): 327–341.
- Puurttinen, T. (1995) *Linguistic acceptability in translated children’s literature*. Joensuu: University of Joensuu.
- Robinson, D. (1997) *Translation and empire: postcolonial theories explained*. Manchester: St. Jerome Publishing.
- Titely, A. (2000) ‘Children’s Books in Irish’. In: Coughlan, V. agus Keenan, C. *The Big Guide 2: Irish Children’s Books*. Dublin: O’Brien Press: 103–110.

- Titley, A. (2005) 'Turning inside and out: Translating and Irish 1950-2000', *The Yearbook of English Studies*, 35: 312–322.
- Tymoczko, M. (1999) *Translation in a postcolonial context: early Irish literature in English translation*. Manchester: St. Jerome Publishing.
- Uí Laighléis, G. (2017) *Gallán an Ghúim: caidreamh an stáit le scríbhneoirí na Gaeilge: Máirtín Ó Cadhain, Seosamh Mac Grianna agus Seán Tóibín*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Williams, J. (2013) *Theories of Translation*. Basingstoke: Palgrave Macmillan.